**IARSCRÍBHINN VII**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Chipir

1. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

32001 L 0083: Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí míochaine d'úsáid an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

Údaruithe mhargaíochta do na táirgí cógaisíochta atá ar an liosta (san Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo mar atá arna sholáthar ag an gCipir in aon teanga amháin) arna n-eisiúint faoi dhlí na Cipire roimh dháta an aontachais, fanfaidh siad, de mhaolú ar na ceanglais cháilíochta, sábháilteachta agus éifeachtúlachta atá leagtha síos i dTreoir 2001/83/CE, bailí go dtí go ndéanfar iad a athnuachan i gcomhlíonadh an acquis agus i gcomhréir leis an amchlár atá leagtha amach sa liosta thuasluaite, nó go dtí an 31 Nollaig 2005, cibé acu is túisce. D'ainneoin fhorálacha Theideal III, Caibidil 4, den Treoir, ní thairbheoidh údaruithe mhargaíochta arna bhfolú ag an maolú seo d'aitheantas frithpháirteach sna Ballstáit.

2. SAOIRSE SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

32000 L 0012 Treoir 2000/12/CE ´Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Márta 2000 maidir le gabháil le gnó institiúidí creidmheasa agus lena shaothrú (IO Uimh. L 126, 26.5.2000, lch. 1), mar atá arna leasú le:

– 32000 L 0028: Treoir 2000/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18.9.2000 (IO L 275, 27.10.2000, lch. 37).

Sa Chipir, ní bheidh feidhm ag Treoir 2000/12/CE maidir leis na Comharchumainn Chreidmheasa agus Choigiltis a mhéad nach bhfuil siad ar cothrom le forálacha na Treorach sin, go dtí an 31 Nollaig 2007.

Amhail ó dháta an Aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, cuirfidh na húdaráis Chipireacha an Coimisiún ar an eolas ag tús gach bliana faoi líon na gComharchumann Creidmheasa agus Coigiltis nach bhfuil ar cothrom a leantar dá n-eisiamh mar aon lena scair den mhargadh.

3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach;

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh an Chipir a reachtaíocht mar atá i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2000 maidir le háiteanna cónaithe a fháil d'úsáid thánaisteach a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais (an Dlí um Maoin Dhochorraithe a Fháil (Eachtrannaigh) (Cap. 109) agus Dlíthe 52/1969, 55/1972 agus 50/1990), Cinneadh 50.228 ó Chomhairle na nAirí dar dáta 25.8.1999 agus Ciorclán ón Roinn Gnóthaí Inmheánacha an 30.9.1999 chuig Oifigigh Cheantair.

4. BEARTAS IOMAÍOCHTA

An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh: Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

D'ainneoin fhorálacha Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, ceadófar do ghnóthais atá tar éis tairbhe roinn 28A de Dhlí na Cipire um Cháin Ioncaim a fháil faoi cheann an 31 Nollaig 2001 leanúint de thairbhe na ranna sin a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 2005.

5. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

1. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, Teideal VI, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta.

D’ainneoin Airteagail 87 agus 88 de Chonradh CE, féadfaidh an Chipir le linn tréimhse 5 bliana ó dháta an aontachais státchabhair a sholáthar chun a áirithiú nach dtiteann an meánioncam teaghlaigh i limistéir dhíothacha áirithe faoi bhun 80% den mheánioncam teaghlaigh náisiúnta. Ní sholáthrófar an chabhair sin ach amháin d'fheirmeoirí atá rannpháirteach i scéimeanna forbartha tuaithe amach uathu siúd a bhaineann le hAirteagail 4, 5, 6, 7, 25, 26, 27 agus 28 de Rialachán (CE) Uimh.1257/1999 ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt na tuaithe ón gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) agus ag leasú agus ag aisghairm Rialacháin áirithe. [1]

Tíolacfaidh an Chipir don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir leis na bearta státchabhrach a chur chun feidhme ina sonraítear foirm na cabhrach agus na méideanna.

[1] IO L 160, 26.6.1999, lch. 80.

2. 31996 R 2200: Rialachán (CEE) Uimh. 2200/96 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 1996 maidir le comheagraíocht na margaí i dtorthaí agus glasraí (IO L 297, 21.11.1996, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 1881: Rialachán (CE) Uimh. 1881/2002 ón gComhairle an 14.10.2002 (IO L 285, 23.10.2002 lch. 13).

De mhaolú ar Airteagal 23(4) de Rialachán (CE) Uimh. 2200/96, beidh feidhm sa Chipir ar feadh 5 bliana ó dháta an aontachais ag na huasteorainneacha do chúiteamh ar tharraingt siar arna socrú in Airteagal 23(4). Do na blianta margaíochta 2004/2005 – 2008/2009 is iad na huasteorainneacha 20% den chainníocht arna margú i gcás úll, piorraí, péitseog agus caor finiúna boird agus 10% i gcás torthaí citris.

3. 31997 R 2597 Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97 ón gComhairle 18 Nollaig 1997 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne lena n-ól (IO L 351, 23.12.1997, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31999 R 1602: Rialachán (CE) Uimh. 1602/1999 ón gComhairle an 19.7.1999 (IO L 189, 22.7.1999, lch. 43).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97, ní bheidh feidhm ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais ag na ceanglais a bhaineann le cion íosta saille bainne maidir le bainne le hól arna tháirgeadh sa Chipir. Ní fhéadfar bainne le hól nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cion saille a mhargú ach amháin sa Chipir nó féadfar é a onnmhairiú go tríú tír.

4. 31999 R 1254: Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil (IO L 160, 26.6.1999, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2345: Rialachán (CE) Uimh. 2345/2001 ón gCoimisiún an 30.11.2001 (IO L 315, 1.12.2001, lch. 29).

De mhaolú ar Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) 1254/1999, déanfar cur i bhfeidhm an dlúis stocála a chéimniú isteach de réir a chéile ar bhonn líneach sa Chipir ó 4,5 c in aghaidh an heicteáir don chéad bhliain tar éis an aontachais go 1,8 c in aghaidh an heicteáir cúig bliana tar éis an aontachais.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

1. 31966 L 0402: Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta gránach a mhargú (IO P 125, 11.7.1966, lch. 2309), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 L 0064: Treoir 2001/64/CEE ón gComhairle an 31.8.2001 (IO L 234, 1.9.2001, lch. 60).

Ní bheidh feidhm sa Chipir ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais ag na ceanglais a bhaineann le híonacht anailíseach atá leagtha síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 66/402/CEE do shíol *Hordeum vulgare* L. (eorna) maidir le síol den sórt sin arna tháirgeadh sa Chipir a mhargú. Le linn na tréimhse sin ní dhéanfar síol den sórt sin a mhargú ar chríoch Bhallstát eile.

2. 32002 L 0053: Treoir 2002/53/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1);

32002 L 0055: Treoir 2002/55/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).

Féadfaidh an Chipir a chur ar athló ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais cur i bhfeidhm Threoracha 2002/53/CE agus 2002/55/CE maidir le margú síolta ar a críoch de chineálacha atá liostaithe ina cuid catalóg náisiúnta faoi seach de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta agus cineálacha de speicis phlandaí glasraí nár glacadh go hoifigiúil leo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha sin. Le linn na tréimhse sin ní dhéanfar síolta den sórt sin a mhargú ar chríoch Bhallstát eile.

6. BEARTAS IOMPAIR

31985 R 3821: Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar (IO L 370, 31.12.1985, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 1360: Rialachán (CE) 1360/2002 ón gCoimisiún an 13.6.2002 (IO L 207, 5.8.2002, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85, ní bheidh feidhm maidir leis an gCipir go dtí an 31 Nollaig 2005 ag an gceanglas trealamh taifeadta a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí arna gclárú d'iompar paisinéirí nó earraí de bhóthar i ndáil le feithiclí arna gclárú roimh an 31 Nollaig 2002 a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre. Déanfaidh tiománaithe d'fheithiclí den sórt sin a n-uaireanta tiomána agus a dtréimhsí sosa a thaifeadadh trí leas a bhaint as logleabhar pearsanta.

7. CÁNACHAS

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41).

De mhaolú ar Airteagal 12(3) féadfaidh an Chipir díolúine a choimeád ar bun, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, maidir le soláthar cógas agus earraí bia mar bhia don duine, amach ó uachtar reoite, reoiteoga, iógart reoite, reoiteog uisce agus táirgí dá samhail agus táirgí blasta bia (brioscáin/cipíní prátaí, smailceacha agus táirgí dá samhail arna bpacáistiú mar bhia don duine gan ullmhúchán breise) go dtí an 31 Nollaig 2007.

De mhaolú ar Airteagal 12(3)(a) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Chipir ráta laghdaithe cánach breisluacha nach lú ná 5% a choimeád ar bun maidir le soláthar seirbhísí bialainne go dtí an 31 Nollaig 2007 nó go deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28 de Threoir 77/388/CEE, cibé acu is túisce.

Gan dochar don nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 27 de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Chipir leanúint de nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm ar cháin bhreisluacha chun scéim chuntasaíochta airgid a chur i bhfeidhm agus ar luach soláthair idir daoine atá bainteach lena chéile go ceann bliana tar éis dháta an aontachais..

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Chipir soláthar talaimh foirgníochta dá dtagraítear i bpointe 16 d'Iarscríbhinn F den Treoir a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha go dtí an 31 Nollaig 2007.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúine den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athbhunú i gcomhréir le Rialachán (CEE,CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle maidir leis na socruithe comhionanna críochnaitheacha chun acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a bhailiú [1] .

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Chipir díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun freisin maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F den Treoir go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

---

[1] IO L 155, 7.6.1989, p. 9.  Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, CEFA) Uimh. 1026/1999 (IO L 126, 20.5.1999, lch. 1).

2. 31992 L 0081: Treoir 92/81/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar olaí mianracha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 12), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31994 L 0074: Treoir 94/74/CEE ón gComhairle an 22.12.1994 (IO L 365, 31.12.1994, lch. 46).

Gan dochar do chinneadh foirmiúil atá le glacadh de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE, féadfaidh an Chipir díolúine ó dhleachtanna máil a chur i bhfeidhm ar olaí mianracha go ceann bliana tar éis dháta an aontachais.

Gan dochar do chinneadh foirmiúil atá le glacadh de réir an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE, féadfaidh an Chipir díolúine ó dhleachtanna máil breise a chur i bhfeidhm freisin ar gach cineál breosla arna úsáid le haghaidh iompair logánta paisinéirí go ceann bliana tar éis dháta an aontachais.

8. FUINNEAMH

31968 L 0414:Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáid ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.98 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CE, ní bheidh feidhm sa Chipir ag an íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam go dtí an 31 Nollaig 2007. Áiritheoidh an Chipir go gcomhfhreagraíonn a híosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí táirgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1 (1):

– 60 lá faoi cheann dháta an aontachais;

– 90 lá faoi cheann an 31 Nollaig 2007.

9. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

31999 L 0032: Treoir 1999/32/CE ón gComhairle an 26 Márta 1999 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe agus ag leasú Threoir 93/12/CEE (IO L 121, 11.5.1999, lch. 13).

De mhaolú ar Airteagail 3(1) agus 4(1) de Threoir 1999/32/CE, ní bheidh feidhm ag na ceanglais do pheitreal agus breosla díosail maidir leis an gCipir ar feadh tréimhse bliana ó dháta an aontachais. Le linn na tréimhse seo, féadfaidh an Chipir maolú faoi Airteagail 3(2)agus (5) agus 4(3) agus (4) den Treoir a lorg.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

De mhaolú ar Airteagal 6 (1) (a) agus (b) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Chipir amach na spriocanna athghabhála agus athchúrsála do na hábhair phacáistithe seo a leanas faoi cheann an 31 Nollaig 2005 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– plaistigh a athchúrsáil: 10% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 15% faoi cheann 2004;

– páipéar/cairtchlár a athchúrsáil: 11% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 14% faoi cheann 2004;

– ráta foriomlán athchúrsála: 12% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus íosmhéid 15% faoi cheann 2004;

– ráta foriomlán athghabhála: 35% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais agus 41% faoi cheann 2004.

C. CÁILÍOCHT AN UISCE

31991 L 0271: Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), mar atá arna leasú le:

– 31998 L 0015: Treoir 98/15/CE ón gCoimisiún an 27.2.1998 (IO L 67, 7.3.1998, lch. 29).

De mhaolú ar Airteagail 3, 4 agus, más amhlaidh nach mór limistéir íogaire a shainaithint, Airteagal 5(2) de Threoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2012 sa Chipir ag na ceanglais do chórais bhailithe agus cóireáil fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– faoi cheann an 31 Nollaig 2008, beidh an Treoir comhlíonta do 2 ceirtleán (Limassol agus Paralimni) ar mó coibhéis a ndaonra ná 15.000,

– faoi cheann an 31 Nollaig 2009, beidh an Treoir comhlíonta do 1 ceirtleán eile (An Niocóis) ar mó coibhéis a dhaonra ná 15.000,

– faoi cheann an 31 Nollaig 2009, beidh an Treoir comhlíonta do 1 ceirtleán eile (Paphos) ar mó coibhéis a dhaonra ná 15.000.

D. AN TRUAILLIÚ TIONSCLAÍOCH A RIALÚ AGUS BAINISTÍOCHT BHAOIL

32001 L 0080: Treoir 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe san aer ó ollghléasraí dócháin a theorannú (IO L 309, 27.11.2001, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 4(3) agus cuid A d'Iarscríbhinn IV de Threoir 2001/80/CE, beidh feidhm ag luachanna teorantacha astaíochta 1 700 mg/Nm³ maidir leis na coirí atá ag oibriú i Meán Fómhair 2002 ag na gléasraí dócháin in Dhekelia agus Vasilikos go dtí go go gcomhalltar ceann de an coinníollacha seo a leanas:

– déantar na coirí sin a uasghrádú nó iad a athrú ar dhóigh shuntasach

– tá gás nádúrtha ar fáil ar an oileán;

– déantar allmhaireoir leictreachais den Chipir;

– dúntar na coirí atá ag oibriú faoi láthair.

I rith chur i bhfeidhm luachanna teorantacha astáiochta 1 700 mg/Nm³, cuirfidh an Chipir tuarascáil chuig an gCoimisiún, faoi cheann an 31 Márta gach bliain i ndiaidh an aontachais, ar cháilíocht an bhreosla arna úsáid, astaíochtaí iomlána bliantúla dé-ocsaíde sulfair agus meastachán de rannchuidiú na n-astaíochtaí sulfair sin d'astaíochtaí i dtíortha comharsanacha.